**An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**12980/26**
**ADD 1**

**POLCOM 305**
**COMER 128**
**FDI 39**
**DELACT 140**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6107 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún<br>lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6107 annex.

Faoi iamh: C(2026) 6107 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2026
C(2026) 6107 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh**

**IARSCRÍBHINN**

'IARSCRÍBHINN

Liosta de thionscadail agus de chláir atá chun leasa an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8(3)

1. Clár Spáis an Aontais

Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

2. Fís 2020, lena n-áirítear cláir thaighde agus forbartha de bhun Airteagal 185 CFAE, agus comhghnóthais nó aon struchtúr eile arna chur ar bun de bhun Airteagal 187 CFAE

Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104), lena n-áirítear gníomhaíochtaí atá ann a bhaineann le hEochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin amhail intleacht shaorga, róbataic, leathsheoltóirí agus cibearshlándáil.

3. Fís Eorpach, lena n-áirítear cláir thaighde agus forbartha de bhun Airteagal 185 CFAE, agus comhghnóthais nó aon struchtúr eile arna chur ar bun de bhun Airteagal 187 CFAE

Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

4. Clár Taighde agus Oiliúna Euratom 2026-2027

Rialachán (Euratom) 2025/1304 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2025 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach le haghaidh na tréimhse 2026-2027 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) 2021/765 (IO L 2025/1304, 3.7.2025).

5. Gréasáin thras-Eorpacha Iompair (GTE-I)

Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024).

6. Gréasáin thras-Eorpacha Fuinnimh (GTE-F)

Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lgh. 45-102).

7. An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38).

8. An Clár don Eoraip Dhigiteach

Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021, lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

9. An Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta

Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais (IO L 200, 7.8.2018, lch. 30).

10. An Ciste Eorpach Cosanta

Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149).

11. Buanchomhar struchtúrtha (PESCO)

Cinneadh (CBES) 2018/340 ón gComhairle an 6 Márta 2018 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 65, 8.3.2018, lch. 24).

Cinneadh (CBES) 2018/1797 ón gComhairle an 19 Samhain 2018 lena leasaítear agus lena nuashonraítear Cinneadh (CBES) 2018/340 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 294, 21.11.2018, lch. 18).

Cinneadh (CBES) 2019/1909 ón gComhairle an 12 Samhain 2019 lena leasaítear agus lena nuashonraítear Cinneadh (CBES) 2018/340 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 293, 14.11.2019, lch. 113).

12. An Comhghnóthas Eorpach um ITER

Cinneadh 2007/198 (Euratom) ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó (IO L 90, 30.3.2007, lch. 58).

13. Clár EU4Health

Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte (‘Clár EU4Health’) don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

14. An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (Rialachán STEP)

Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024).

15. Clár an Aontais um Nascacht Shlán (IRIS – 2)

Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2023, lgh. 1-39).

16. An Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin (ASAP)

Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) (IO L 185, 24.7.2023, lch. 7–25).

17. An Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA)

Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (IO L, 2023/2418, 26.10.2023).

18. An Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE)

Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO L, 2025/1106, 28.5.2025)

19. InvestEU, cé is moite de 'infheistíochtaí sóisialta agus scileanna'

Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021), a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí straitéiseacha i réimse na cosanta a leagtar amach sna treoirlínte infheistíochta maidir le Ciste InvestEU.

Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar amach na treoirlínte infheistíochta maidir le Ciste InvestEU (IO L 234, 2.7.2021), cé is moite de Roinn 2.10, mír b a thagraíonn do Roinn 6.4.1.1 (infheistíocht shóisialta agus scileanna).

20. an Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla

Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (IO L, 2024/1252, 3.5.2024)

21. An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta

Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724

22. an Ciste don Nuálaíocht

Airteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE (IO L 275, 25.10.2003)

23. An Ionstraim um Threalamh Rialaithe Custaim (cuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha)

Rialachán (AE) 2021/1077 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite

Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim (IO L 234, 2.7.2021)

24. Tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne

Tionscadail a mheas an Coimisiún, i gcinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 108 CFAE, gur tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne iad de réir bhrí Airteagal 107(3), pointe (b), CFAE'.